

**ACHT UM THEANGACHA OIFIGIÚLA,  
2003  
Aighneachtaí á Lorg**

Tá an tSeirbhís Chúirteanna i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar a scéim teanga de réir Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus dréachtscéim nua a ullmhú. Is í príomhchuspóir an Achta ná a dheimhniú go n-ardaítear an soláthar seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge agus go n-ardaítear caighdeán na seirbhísí sin.

Bunaíodh an tSeirbhís Chúirteanna mar ghníomhaireacht neamhspleách ar an 9 Samhain 1999 i ndiaidh achtú an Achta um Sheirbhís Chúirteanna, 1998. Is iad na feidhmeanna atá ag an tSeirbhís ná:

- na cúirteanna a bhainistiú
- seirbhísí tacaíochta a sholáthar do na breithiúna
- faisnéis a chur ar fáil don phobal maidir leis an gcóras cúirteanna
- foirgnimh chúirte a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil, agus
- saoráidí a sholáthar d'úsáideoirí na gcúirteanna
- cibé feidhmeanna eile a thugtar dó le haon aichtachán eile a chomhlíonadh.

Tá eolas faoi ról na Seirbhíse Chúirteanna agus faoi na seirbhísí atá á soláthar ag an tSeirbhís don phobal ar fáil ar [www.courts.ie](http://www.courts.ie).

Leis seo, tá an tSeirbhís Chúirteanna ag iarraidh ar na daoine sin a úsáideann ár seirbhísí aighneachtaí a chur isteach maidir leis an athbhreithniú atáthar chun déanamh ar an [scéim reatha](#). Níor chóir níos mó ná 4,000 focal a bheith sna haighneachtaí [timpeall 8 leathanach ar fad]. Is fearr na haighneachtaí, a bheidh ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Chúirteanna, a chur isteach i ríomhphost chuig [fiosruithe@courts.ie](mailto:fiosruithe@courts.ie) ach, ina ionad sin, is féidir iad a chur isteach sa phost chuig: Eoghan Mac Gearailt, Oibríochtaí na nUaschúirteanna, An tSeirbhís Chúirteanna, Teach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, BÁC 7.

**Ní mór na haighneachtaí a bheith istigh faoi 5 i.n. ar an 31 lá de mhí Iúil 2020, ar a dheireanaí.**

Tá tuilleadh eolais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisinéara Teanga, ag [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie)

**OFFICIAL LANGUAGES ACT  
2003  
Request for Submissions**

The Courts Service is reviewing its language scheme in accordance with section 15 of the Official Languages Act 2003 and preparing a new draft scheme. The primary purpose of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish.

The Courts Service was established as an independent corporate body on 9 November 1999 following the enactment of the Courts Service Act 1998. Its functions are:

- to manage the courts;
- to provide support services for the judges;
- to provide information on the courts system to the public;
- to provide, manage and maintain court buildings;
- to provide facilities for users of the courts;
- to perform such other functions as are conferred on it by any other enactment.

Information in relation to our role and the services provided by us to the public is available at [www.courts.ie](http://www.courts.ie).

The Courts Service invites those who use our services to make submissions in relation to the review of its [current scheme](#). Submissions should not exceed 4,000 words [c.8 pages]. Ideally submissions, which will be made available on the Courts Service website, should be forwarded electronically to [fiosruithe@courts.ie](mailto:fiosruithe@courts.ie). Alternatively, they may be posted to: Eoghan FitzGerald, Superior Courts Operations, Courts Service, Phoenix House, Smithfield Dublin 7.

**The latest date for receipt of submissions is 5 p.m. on 31 st day of July 2020.**

Further information in relation to the Official Languages Act is available on the website of An Coimisineir Teanga at [www.coimisineir.ie](http://www.coimisineir.ie).